

**Oifig Clárúcháin na
Cigireachta Luathbhlianta
An Dara hUrlár
Teach Inbhir
Sráid Anraí Luimneach
061 461 715**



An 9 Aibreán, 2021

Maidir le: Meabhrúchán Deiridh chun Clárú le haghaidh Seirbhísí ar Aois Scoile

A Sholáthraí, a chara,

Mar is eol duit, tá ceanglas ar sheirbhísí ar aois scoile clárú le Tusla ó 2019. Scríobhamar chugat ar an 18 Eanáir 2021 agus ar an 18 Márta 2021 lena chur in iúl duit gurb é an dáta deiridh a nglacfar le gach iarratas oscailte **Dé hAoine, an 16 Aibreán 2021**. Ní mór go mbeadh gach seirbhís ar aois scoile ainmnithe ar chlár na seirbhísí ar aois scoile ionas gur féidir leo feidhmiú. Má tá seirbhís réamhscoile á soláthar agat mar aon le seirbhís ar aois scoile, ní mór duit an dá sheirbhís a chlárú.

Táim ag scríobh chuig gach duine aonair/seirbhís ag a bhfuil iarratais oscailte lena mheabhrú daoibh go mbeidh an spriocdháta caite i gceann 5 lá oibre. Mura bhfaightear iarratas comhlánaithe glacfar leis nach bhfuil tú i mbun seirbhís ar aois scoile a sholáthar, agus dúnfar d'iarratas.

Ní phróiseálfar ach iarratais chomhlánaithe a bhfuil na doiciméid tacaíochta cuí leo. Ionas gur féidir glacadh le d'iarratas, ní mór go mbeadh an treoir ábhartha ar líne á comhlánú ag na beartais a seoltar chugainn. Ina theannta sin, ní mór go n-áireofaí le d'iarratas Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bhfuil ceanglais Chuid 11(3) d'Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 á gcomhlíonadh aige. Ba cheart go mbeadh na ráitis seo cothrom le dáta agus arna ndátú le 24 mhí anuas.

Tá eolas a chabhróidh leat le fáil thíos

1. https://www.tusla.ie/uploads/content/School_Age_Childcare_Policies_Registration_Checklist_version_1.02.pdf
2. <http://childsafeguarding.ie/resources-publications/>
3. Tá seimineár gréasáin ar líne ar fáil ar ár suíomh gréasáin freisin.

Ní phróiseálfar iarratais a fhaightear i ndiaidh an 16 Aibreán agus dúnfar iad. Chomh maith leis sin, dúnfar iarratais a fhaightear nach gcomhlíonann ar bhealach substaintiúil na ceanglais thuasluaite. Ní bhaineann an srian seo le hiarratais seirbhíse nua a fhaightear i ndiaidh an 16 Aibreán.

Tá an treoir ar fad a theastaíonn chun cabhrú leat leis an iarratas le fáil ar an Tairseach agus ar ár suíomh gréasáin www.tusla.ie

Tá cúnaimh ar bhonn tosaíochta i ndáil le d'iarratas clárúcháin a chomhlánú le fáil ó do Choiste Cathrach/Contae i gCúram Leanaí ag www.myccc.ie. Déan teagmháil leo má tá aon cheist agat nó má theastaíonn tacaíocht de chineál ar bith uait.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann clárúcháin na seirbhísí ar aois scoile ar bhonn práinne trí:

- Ríomhphost – sac.registration@tusla.ie
- Teileafón - 061 461718

Cinntigh go sonraíonn tú uimhir d'aighneachta nuair a bhíonn ríomhphost á sheoladh agat.

Le dea-mhéin,

Jane Hayes
Bainisteoir Clárúcháin
Eatramhach, An Chigireacht
Luathbhlianta, Rialúchán
Seirbhísí do Leanaí,
Stiúrthóireacht um Dhearbhú
Cáilíochta,
An Dara hUrlár, Teach Inbhir, Luimneach